

SPRING IN HEDGES AND DITCHES. EARRACH NA BFÁL IS NA NDÍOG.

Bíodh geineoga a' sgeitheadh ina nduilleabhar, bíodh feabhas thar barr ar bhinneas an smólaigh agus é ag deanamh aithris ar an bhfideoig, bíodh a nead dá thógáil ag an smólach mór féin, bíodh caipín na coille faoi na mílte salchuach, in n-aindeoin sin uile dearbuigheann an t-eolaidhe go teann nach mbíonn an tearrach ar fágáil go dtí an 10 a clog a.m ar an 21adh. Lá de mhí Márta.

Ar buille na huaire tá cead cinn againn faoi deire agus ní miste dúinn comharthaí beaga aoibhne an Earraigh a thabhairt chun cruinnis, na comharthaí a mheabhruigheas go bhfuil dubhluachar an gheimhridh curtha ar gcúl. Is cuma smúr beag seaca nó an gaoth a bheith anoir. Tá fhios againn go bhfuil a dícheall deanta ag an ngeimhreadh cheana féin, go bhfuil an grian gheal gan staonadh a' mealladh na mblath ó na dtromsuan geimhreadhta agus go bhfuil an tuaith uile dá chur faoi blátha an aoibhnis aice.

Tá na héanlaith a' filleadh orainn agus beidh an ceolaire aon phuirt (chiff-chaf) le clos ins na coillte againn lá ar bith feasta. Béidh na geabhaí fiadháine ar a mbealach ó thuaidh go dtí na tíribh gall agus Íoslann agus má bhíonn oidheachanta ciúine ann béidh siad le clos againn. Tá na healaidheacha feadhaine imthighe de lochanna iarthar na hÉireann cheana féin, tá siad tar éis glanadh leo go dtí na reagúin ó thuaidh. Is annamh éan de na héanacha áilne seo dá gortú ag gunnaire mar is beag Éireannach gan meabhair aige oidheamh Cloinne-Lir. Rinneadh sgata ealaidheacha díobh le teann draoidheachta agus cuireadh i gcinniúint dóibh go mbeadh ortha na céadta bliain a cur díobh ar fuaidreamh ar fhairrgí na hÉireann. Is breagh agus is truaighmhéalach é sgéal a n-eachtraí anuas go dtí gur fhuasgail clog teampaill iad a bhuaile sean-naomh a bhí ar an oileán fairrge Inis Glóra.

Na crotaigh, na praslacháin agus na naosgaigh tá siad ar fad a greadadh leo go mbainfidh siad amach an talamh guir; má tá féin ní tosóchar ar neadracha go fóill beag. Tá linntí agus trinnsí lán d'fheithidí agus na mealltracha móra den glaé glas inar rug na preabairí lathaigh a gcuid ubh, spánann siad áit an tsíolruigthe. Is gnáthach gor ceithre seachtainí dá dhéanamh ar na huibheacha seo. Na frighdíní beaga dubha i lár an ghlaé is gearr go dtosúigheann siad ar bheith a dhul i bfad. Cloigeann uile iad cé is moite den earball beag bídeach atá ina mhaide gabhála aca. Má eirigheann leis an súmaire ealódh ó na gabhaí a bhíos a gconaí ag bagairt air agus é a' fás. Tig dhá chois deiridh air go luath. Tig na cosa tosaigh air san am céadna ach nílid chó feiceálach. Nuair a bhíos na ceithre cosa fásta aige sugheann an corp an t-earball isteach de réir a chéile go bhfágtar an preabaire gan earball. Tig sé aníos den chéad uair ar billeog uisce a bhíos deiseamhail aige agus é ina phreabaire iomlán san am.

Cad é an bharamhail a bhíos ag an bpreabaire óg do'n mhór domhan nuair a thig sé ar dtús as an uisge is dúthchas dó? Ní heol dúinn sin ach cuireann sé cuma oibre air féin gan mhoill.

Ní féidir foighid an phreabaire a shárú agus bíonn sé có fada sin crumtha ar an mbuilleog uisge gan cor as go sílfeá nach gcorróchadh sé choidche. Tuirlingigheann cuil in aice leis de phlump agus go tobann. Tá an chuil imthighte as cho tobann is thuirling sí agus níor facthas aon bhogadh dá dhéanamh ag an bpreabaire bhí sé chó mear sin.

Tá teanga fhada ag an bpreabaire beag fhoighdeach. Sí an teanga a léim de luas urchar ar an gcuil bocht agus a cheap í. Caithfidh sé gur dual don phreabaire bog cuile a cheapadh ar an gcuma gasta sin mar tá a bhunadh dá dhéanamh leis na cianta fada. Níl aon mháthair geanamhail aige le fáitchall a mhúineadh dó. Bhí na seanpreabairí uile glanta as an linn sul ar tháinig sé ar an uibh ach ba dóigh leat gur sean-iondúire é agus baineann sé amach dhó féin gan spleachas ar rud ar bith. Is maith an glanadóir é agus é ina shúmaire glanann sé den uisge cuid den sgreamh salach a tig go tiugh ar an linn uisge mharbh. Is cara maith don garradóir é agus é ina phreabaire lathaigh mór mar ní bhlaiseann sé de bheatha ar bith ach míola, drúichtíní agus péisteanna. Bíonn sé féin ina solmar ag an gcorr éisg agus ní dá dheoin é nuair a castar léithe é ins na huisgí ciúine ina mbíonn sí a sealaidheacht, agus cuireann an easóg tóir mharbhtach air ar íoctar na ndíoganna boga faoi na fáлтаibh. Is maith an sgéal dúinn-ne gurbh amhlaidh atá mar beireann gach aon phreabaire baineann ó mhíle go dtí dhá mhíle ubh d'aon am agus mara mbeadh go bhfuil naimhde go fairsing ag suaimaire agus ag preabaire ní fios cén tubaiste a déanfaidís orainn. Ba bheag le rádh Pláigh na hÉigipte le na n-ais dá maireadh an ceathramha cuid díobh seo a baintear as talamh na hÉireann. Tá gnó eile ag muinntir na Frainnne den phreabaire mar tá daoine éisealacha saidhbhre sa tír sin a itheann go blasta cosa deiridh an fheithide. An preabaire in-ithte nó preabaire na Mórhíre is mó é beagán ná an preabaire Éireannach agus ní den cineál céadna é.

Cuirtear na preabairí lathaigh chun an mhargaidh sa bFrainnc agus iad marbh agus bíonn na conablaigh sáithte ar bioranna ádhmaid. An tÉireannach a d'fheicfeadh iad ní chuirfeadh sé dúil ionnta ach deirtear gur an-chosmhail le blas siciní bliana a mblas an t-am a mbíonn siad brughte. Ní lia tír na gnás!